# Sraith Shóisearach Nuachtlitir Oideachas Reiligiúnach - Samhain

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí JuniorCYCLE for teachers

@jct_RE    www.jct.ie    info@jct.ie

A  Comhghleacaithe OR,


Fáilte chuig eagrán mhí na Samhna de nuachtlitir OR na Sraithe Sóisearaí. Sna míonna amach romhainn, leanfaimid orainn ag fiosrú 8 bPrionsabal na Sraithe Sóisearaí agus cén chaoi a dtagann siad chun cinn i seomra ranga an OR. In eagrán na míosa seo, leagaimid béim ar roinnt dátaí tábhachtacha do bhur ndialann. Déanfaimid machnamh freisin ar theicneolaíocht sa seomra ranga agus cuirfimid ailt éagsúla ar fáil ina bhfuil fócas ar OR agus ar na hEal-aíona.

Imeachtaí na Samhna agus ceiliúrthaí atá le teachct ón bhfeilire idirchreidimh:

| | |
|---|---|
| 1ú | Tús le **hócáid** MRB1 |
| 2ú | Lá na nAnamhacha Uile (Críostaí) |
| 4ú | Diwali (Hiondúchas) |
| 6ú | COP26 - LáDomhanda gníomhaíochta |
| 29ú | Tús  Hanukah (Giúdachas) |

## Seimineár Gréasáin MRB 2

Tá taifeadadh ár seimineár gréasáin ón Luan 18 Deireadh Fómhair ar fáil ar líne anois. Tá sé curtha in eagar i dtrí chuid agus tá doiciméad tacaíochta uaslódáilte againn le naisc chuig na hacmhainní a luadh ar an oíche. Is féidir na trí chuid le doiciméad na nasc a fháil i rannán na Seimineár Gréasáin faoin táb Acmhainní anseo




## Míreanna Measúnaithe Samplacha

Tá páipéar samplach curtha ar fáil ag CSS do OR na Sraithe Sóisearaí. Seolfar cóip chuig gach scoil agus tá sé ar fáil le híoslódáil anois:




https://www.examinations.ie/misc-doc/BI-EX-44311014.pdf

Tá ceisteanna measúnaithe samplacha CNCM ar fáil againn freisin chun muid a threorú le measúnú ar an tsonraíocht:

https://curriculumonline.ie/getmedia/7136387d-ee39-47a3-a19b-aac9aac6fa7f/Religious-Education-Assessment-Questions.pdf.




D'fhéadfadh ár bpóstaer briathra gnímh a bheith cabhrach freisin agus athbhreithniú á dhéa-namh ar an ábhar measúnaithe samplach


## Prionsabail na Sraithe Sóisearaí: Rogha agus Solúbthacht

Tá fócas na míosa seo ar an bpríomhphrionsabal Rogha agus Solúbthacht. Maidir leis an bprionsabal sin, tugann an Creat don tSraith Shóisearach (2015), leathanach 11, dá aire:

Tá clár na sraithe sóisearaí leathan go leor chun réimse leathan eispéiris foghlama a chur ar fáil do chách, agus solúbtha go leor chun rogha a thairiscint chun freastal ar riachtanais na scoláirí. Baineann an prionsabal áirithe seo leis an gcuraclam iomlán, OR san áireamh.

## Rogha agus Solúbthacht in OR

Síos trí Shonraíocht an OR, tugtar an deis do scoláirí dul i ngleic leis na cúig mhór-reiligiún dhomhanda. Is sampla den phrionsabal seo á chur i ngníomh é an rogha agus an tsolúbthacht a thabhairt dár scoláirí taighde a dhéanamh ar na mór-reiligiúin dhomhanda.




Agus é sin á dhéanamh acu, d'fhéadfadh siad éirí níos tu-isceanaí agus níos measúla orthu siúd a bhfuil creidimh éagsúla acu agus an deis á tabhairt dóibh machnamh níos doimhne a dhéanamh orthu féin. Tugann póstaer na gcuair-teanna fíorúla, mar shampla, atá ar ár láithreán gréasáin, deis do scoláirí dul i ngleic le spásanna naofa éagsúla a bhaineann leis na cúig mhór-reiligiún dhomhanda.

Cliceál anseo.

## Teicneolaíocht sa Seomra Ranga

Is taispeántais amhairc iad Néalfhocail de na focail is suntasaí nó is minice i gcorp téacs. De ghnáth, déanfaidh néal focal neamhaird ar na focail is coitianta sa teanga ("a", "an", "na" srl) agus léiríonn na focail eile a thaispeántar i "néal" minicíocht choi-bhneasta na bhfocal ar leith.

Cruthaíonn siad roinnt féidearthachtaí sa seomra ranga, mar shampla, léirshamhlú spraíúil le haghaidh ransú smaointe agus plé nó mar straitéis foghlama ghníomhach chun foghlaimeoirí amhairc go háirithe a mhealladh.

Is féidir iad a úsáid freisin chun achoimre a dhéanamh ar thopaicí chun tuiscint a fhorbairt agus is féidir leo dúshlán scoláirí a thabhairt chun tuiscint ar ábhar cas-ta a thaispeáint trí achoimre a dhéanamh air in aon fhocal amháin. Chomh maith leis sin, is féidir iad a úsáid le haghaidh measúnú foirmitheach mar bhealach chun machnamh a dhéanamh ar ábhar ó rang roimhe seo.
Féach Mentimeter nó Wordle chun iad a chruthú.

## OR I dTéamaí Reiligiúnacha na nEalaíon í Scannáin

Gabhann sárshaothar beoite Pixar Coco aird daoine trí dhíriú ar roinnt téamaí a d'fhéadfadh beagán plé suimiúil a spreagadh i seomra ranga an OR, mar shampla, teaghlach, athmhuintearas agus an tóir ar bhrí.




Is é Miguel Rivera, buachaill 12 bhliain d'aois, príomhcharachtar an scannáin nach réitíonn a mhian a bheith ina che-oltóir le mianta a theaghlaigh. Ó nach mian leis an cosán traidisiúnta atá leagtha amach dó a leanúint gan troid, treoraíonn croí Miguel é ar thuras tarraingteach trí Thír neamhshaolta na Marbh, áit a bhfuil mistéirí a shinsir dhúchais ag fanacht roimhe le fionnachtain.
Tá an léiriú Pixar áirithe seo ar cheann de roinnt scannán a rinneadh le déanaí a d'fhéadfadh a bheith ina bhealach bríomhar agus éifeachtach chun torthaí foghlama éagsúla a iniúchadh i sonraíocht an OR.

## Athfhriotal na Míosa

*"Is iad an táirgeadh neamhaireach agus an tomhaltas neamheolach a chruthaigh an staid ina bhfuil an Domhan sa lá atá inniu ann. Ídímid chun dearmad a dhé-anamh ar ár n-imní agus ar ár mbu-aireamh. Muid féin a shuaimhniú le ró-thomhaltas - ní hí sin an tslí cheart."*

**- Thich Nhat Hanh**

## Liosta Ríomphoist

Má tá aon chomhghleacaithe agat nach bhfuair an nuachtlitir seo, spreag iad chun clárú lenár liosta seoltaí anseo:

Le gach dea-mhéin,

*Foireann an Oideachais Reiligiúnaigh*